RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/760 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 agus Airteagal 223(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 66(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([3]), agus go háirithe pointí (a) go (d) den chéad mhír d'Airteagal 9, agus pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 16(1), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, déantar líon áirithe gníomhartha a bhfuil na cuótaí sin oscailte acu a aisghairm agus a ionadú agus foráiltear do rialacha sonracha.

(2) Chun a shoiléiriú go beacht an dáta faoinar cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt maidir leis na cainníochtaí a chumhdaítear le ceadúnais agus an fhaisnéis a bhaineann leis an gcóras leictreonach um Chlárú agus Aitheantas Oibreoirí Ceadúnais ("córas leictreonach LORI") dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún ([5]), ba cheart na deimhnithe barántúlachta agus deimhnithe IMA 1, Airteagail 16, 17 agus 61 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú.

(3) Is gá na rialacha maidir le bailíocht dheimhnithe IMA 1 le haghaidh táirgí déiríochta a leasú agus a ailíniú leis na rialacha ginearálta maidir le tréimhse bhailíochta na gceadúnas allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart an abairt deiridh d'Airteagal 53(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a scriosadh.

(4) I gcás ina ndéanann oibreoirí iarratas ar cheadúnais onnmhairiúcháin go leictreonach, ba cheart cead a bheith acu freisin deimhniú incháilitheachta allmhaireoirí na Stát Aontaithe a chur isteach ar an mbealach céanna, deimhniú a ghabhann le hiarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin faoi na taraif-chuótaí cáise arna n-oscailt ag na Stáit Aontaithe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú.

(5) De bhun Airteagal 61(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, tá de dhualgas ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis na sonraí uile lena dtagraítear d'oibreoirí a thaisc iarratais ar onnmhairiúchán faoi na cuótaí cáise arna n-oscailt ag na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear a n-uimhir EORI. Ós rud é nach bhfuil de cheangal ar gach oibreoir uimhir den sórt sin a bheith aige, níor cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt maidir leis an uimhir sin ach amháin i gcás ina bhfuil uimhir ag na hoibreoirí. Dá bhrí sin, ní mór an tAirteagal sin a leasú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riaradh taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riaradh (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1).

(6) De bhun Airteagail 71(3) agus 72(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, agus de mhaolú ar Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán sin, na hoibreoirí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar tharaif-chuótaí ar ollmhairí arna mbainistiú ag tríú tíortha agus atá faoi réir rialacha sonracha de chuid an Aontais, agus a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar tharaif-chuótaí ar allmhairiúcháin arna mbainistiú le doiciméid arna n-eisiúint ag na tíortha ollmhairiúcháin, is féidir leo níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh ar cheadúnais in aghaidh na míosa, aon lá. Chun comhsheasmhacht an mhodha bainistíochta a áirithiú, ba cheart don mhaolú ar Airteagal 6 den Rialachán sin tagairt a dhéanamh don Airteagal iomlán agus ní hamháin do mhíreanna 1 agus 2 de. Thairis sin, ba cheart Airteagal 72(4) den Rialachán sin a cheartú trí thagairt shonrach do dheimhnithe IMA 1 a thabhairt isteach.

(7) Maidir le tásc thír thionscnaimh na n-earraí, is iomchuí na rialacha a bhaineann le Ranna 8 agus 24 d'iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin agus de cheadúnais a líonadh a chomhchuibhiú ar mhaithe le soiléireacht. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 22 agus 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, chomh maith le boscaí ábhartha na dtaraif-chuótaí in Iarscríbhinní II agus XII a ghabhann leis an Rialachán sin, a leasú.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991 ón gCoimisiún ([6]), osclaítear trí tharaif-chuóta le haghaidh ríse de thionscnamh Vítneam. Chun bainistíocht na dtaraif-chuótaí sin a chomhchuibhiú leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart na táblaí agus na rialacha lena rialaítear na trí tharaif-chuóta sin a chomhtháthú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991 a aisghairm. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 27 agus 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú, agus ba cheart Airteagal 29a nua a chomhtháthú leis an Rialachán sin.

(9) Ba cheart an tábla lena mbaineann an taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4450 ag gabháil leis agus a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a nuashonrú leis an aicmiú nua mairteola agus le hainm nua an údaráis atá inniúil chun deimhnithe barántúlachta arna gcur in iúl ag an Airgintín a eisiúint.

(10) Chun aon mhíthuiscint maidir le haois uasta na n-ainmhithe den speiceas buaibheach a bhfuil a gconablaigh incháilithe faoin taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4002 ag gabháil leis agus a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart tábla ábhartha na hIarscríbhinne sin a leasú.

(11) Chun luain bhoga a eisiamh ó na táirgí atá incháilithe faoi na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4038 agus 09.4170 ag gabháil leo agus a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart táblaí ábhartha na hIarscríbhinne sin a leasú.

(12) Níl gá le tagairt d'Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) sa bhosca "Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht" i dtáblaí roinnt taraif-chuótaí, agus d'fhéadfaí an chiall chontráilte a bhaint aisti. Chun aon mhíthuiscint agus saincheisteanna dá bharr sin a bhaineann le hoibreoirí trádála a sheachaint, ba cheart tagairt den sórt sin a scriosadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart Airteagal 4(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([8]) a leasú chun raon feidhme na tagartha a dhéantar ann d'Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a shoiléiriú. Thairis sin, ba cheart an tagairt do dheimhnithe barántúlachta in Airteagal 4(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a leathnú chuig na doiciméid uile a luaitear i gCaibidil II agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(13) Chun bainistíocht na dtaraif-chuótaí arna rialú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 a shimpliú, ba cheart máthairchuótaí áirithe le haghaidh ime agus laofheola a scriosadh agus ba cheart na fochuótaí ábhartha a bhainistiú mar tharaif-chuótaí.

(14) Ó tharla go ndearnadh botún le linn chomhtháthú Rialachán (CE) Uimh, 1095/96 ón gComhairle ([9]) le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988, ba cheart tábla an taraif-chuóta faoin uimhir ordaithe 09.0141 a chomhtháthú leis na huimhreacha ordaithe eile uile lena rialaítear na táirgí a liostaítear ina thuairisc ar an táirge, le héifeacht sa tréimhse reatha taraif-chuóta.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 lena n-osclaítear taraif-chuótaí le haghaidh rís de thionscnamh Phoblacht Shóisialach Vítneam agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 221, 10.7.2020, lch. 64).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riaradh taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin" (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1095/96 ón gComhairle an 18 Meitheamh 1996 maidir le cur chun feidhme na lamháltas a leagtar amach i Sceideal CXL arna ndréachtú tar éis caibidlíochtaí GATT XXIV.6 a thabhairt i gcrích (IO L 146, 20.6.1996, lch. 1).

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.

(16) Chun cur i bhfeidhm tráthúil na leasuithe a áirithiú agus iarratais ar cheadúnais á gcur isteach ag oibreoirí le haghaidh taraif-chuótaí le tréimhsí a thosaíonn i mí Iúil 2021, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart feidhm a bheith ag leasuithe ar tharaif-chuótaí a bhainistítear le ceadúnais amhail ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, seachas na leasuithe sin lena ndéantar modhnú ar na ceanglais maidir le cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht le haghaidh na dtaraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4123, 09.4125, 09.4112, 09.4116, 09.4117, 09.4118, 09.4119, 09.4130 agus 09.4154 ag gabháil leo, ar leasuithe iad ar cheart feidhm a bheith acu ó thús na dtréimhsí leanúnacha taraif-chuóta. Ba cheart feidhm a bheith ag leasuithe ar tharaif-chuótaí arna mbainistiú leis an bprionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin" maidir leis na tréimhsí leanúnacha taraif-chuóta amhail ón uair a thosaíonn siad. Na leasuithe a bhaineann le comhtháthú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, ba cheart feidhm a bheith acu amhail ón gcéad tréimhse taraif-chuóta eile a thosaíonn an 1 Eanáir 2022.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (a);

(ii) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (b) ;

(b) leasaítear an chéad fhomhír, mír 3, mar a leanas:

(i) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (a) ;

(ii) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (b);

(iii) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (c);

(2) in Airteagal 17, leasaítear mír 5 mar a leanas:

(a) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (a);

(b) cuirtear "an [...] ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "roimh" i bpointe (b);

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

"Airteagal 22

Iarratas agus ábhar ceadúnais

I ngach cás déanfaidh an t-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus an ceadúnas ceann de na hiontrálacha a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a lua i Roinn 24";

(4) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) sa cheathrú mír cuirtear ", 09.4168, 09.4729, 09.4730 agus 09.4731" in ionad na bhfocal "agus 09.4168";

(b) cuirtear an séú mír seo a leanas leis:

"Maidir leis na taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.4729, 09.4730 agus 09.4731, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 16, maidir leis na cainníochtaí i dtáirgemheáchan agus déanfaidh an Coimisiún na cainníochtaí sin a aistriú chuig an meáchan coibhéiseach faoi mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.";

(5) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear ", 09.4168, 09.4119, 09.4130 agus 09.4154" in ionad na bhfocal "agus 09.4168";

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"De mhaolú ar Airteagal 6(5), déanfaidh iarratais ar cheadúnas allmhairiúcháin le haghaidh tharaif-chuótaí 09.4729, 09.4730 agus 09.4731 tagairt d'uimhir ordaithe aonair agus cód AC aonair. Déanfar tagairt don tuairisc ar na táirgí agus dá gcód AC i Ranna 15 agus 16 faoi seach den iarratas ar cheadúnas.";

(6) cuirtear Airteagal 29a seo a leanas isteach:

"Airteagal 29a

Deimhniú barántúlachta

1. An deimhniú barántúlachta, arna eisiúint ag comhlacht inniúil de chuid Vítneam a liostaítear in Iarscríbhinn III, ina sonraítear go bhfuil an rís ar cheann de na cineálacha sonracha ríse cumhra a leagtar amach le haghaidh an taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4731 ag gabháil leis, déanfar é a dhréachtú ar fhoirm i gcomhréir leis an sampla a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.2 RICE – Cuid D. De thionscnamh Vítneam. Déanfar na foirmeacha a chur i gcló agus a chomhlánú i mBéarla.

2. Beidh sraithuimhir aonair arna heisiúint ag na húdaráis eisiúna sa bhosca ag barr an leathanaigh, ar dheis, ag gabháil le gach deimhniú barántúlachta. Beidh an uimhir chéanna ag gabháil leis na cóipeanna agus atá ag gabháil leis an deimhniú bunaidh.

3. Beidh an deimhniú barántúlachta bailí ar feadh 120 lá ón dáta a eiseofar é. Ní bheidh sé bailí ach amháin má tá na boscaí comhlánaithe agus má tá sé sínithe go cuí. Measfar na deimhnithe barántúlachta a bheith sínithe go cuí má luaitear an dáta agus an áit eisiúna iontu agus má tá stampa ón údarás eisiúna orthu chomh maith le síniú an duine nó na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu iad a shíniú.

4. Cuirfear an deimhniú barántúlachta faoi bhráid na n-údarás custaim chun a fhíorú gurb ann do na coinníollacha riachtanacha chun leas a bhaint as an taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4731 ag gabháil leis. Cuirfidh an comhlacht inniúil de chuid Vítneam a liostaítear in Iarscríbhinn III aon fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún, faisnéis a d'fhéadfadh cuidiú le fíorú na faisnéise atá ar fáil sna deimhnithe barántúlachta, go háirithe maidir le samplaí de na stampaí a úsáideadh iontu.";

(7) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Déanfar cóip chuí fhíordheimhnithe de dheimhniú IMA 1 mar aon leis an gceadúnas allmhairiúcháin comhfhreagrach agus na táirgí lena mbaineann a chur in iúl d'údaráis chustaim an Bhallstáit is allmhaireoir an tráth céanna a dtaiscfear an dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.";

(8) in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Beidh deimhniú ón allmhaireoir ainmnithe sna Stáit Aontaithe ag gabháil le hiarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin ina luaitear a incháilitheacht le haghaidh allmhairiúcháin faoi rialacha na Stát Aontaithe maidir le ceadúnú allmhairiúcháin le haghaidh taraif-chuóta déiríochta a leagtar síos i gcuid 6 d'fhotheideal A de Theideal 7 de *Code of Federal Regulations*. I gcás iarratas leictreonach, féadfar cóip leictreonach den dearbhú sin a chur isteach.";

(9) leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) liosta iarrthóirí, ina gcuirtear in iúl a n-ainm, a seoladh, agus a n-uimhir EORI, más infheidhme;";

(b) i mír 3, cuirtear na focail "an [...], ar a dhéanaí" in ionad an fhocail "Roimh";

(10) in Airteagal 71, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. De mhaolú ar Airteagal 6, féadfaidh oibreoirí níos mó ná iarratas amháin ar cheadúnas a thaisceadh in aghaidh na míosa, agus féadfar iarratais ar cheadúnas a chur isteach aon lá, agus Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 á chur san áireamh.";

(11) leasaítear Airteagal 72 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. De mhaolú ar Airteagal 6, féadfaidh oibreoirí níos mó ná iarratas amháin ar cheadúnas a thaisceadh in aghaidh na míosa, agus féadfar iarratais ar cheadúnas a chur isteach aon lá, agus Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 á chur san áireamh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfaidh údarás eisiúna na gceadúnas a fhíorú go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis ar an deimhniú barántúlachta agus ar dheimhniú IMA 1 don fhaisnéis a fuair sé ón gCoimisiún. Más amhlaidh atá, agus mura ndeir an Coimisiún a mhalairt, eiseoidh údarás eisiúna na gceadúnas na ceadúnais allmhairiúcháin gan mhoill, tráth nach déanaí ná sé lá tar éis an t-iarratas a cuireadh isteach le deimhniú barántúlachta nó deimhniú IMA 1 a fháil.";

(12) leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, VI, VII, VIII, IX, X, XI, XII agus Iarscríbhinn XIV.2 RICE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní bheidh feidhm ag pointí (b) agus (c) d'Airteagal 53(2) ná Airteagal 53(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir leis na taraif-chuótaí ná leis na cuótaí fo-tharaife faoi uimhreacha ordaithe 09.0138, 09.0139, 09.0140, 09.0141, 09.0165, 09.0166, 09.0167, 09.0168, 09.0169, 09.0142, 09.0143, 09.0161, 09.0162, 09.0163, 09.0164, 09.0146, 09.0147, 09.0148, 09.0149, 09.0150, 09.0151, 09.0152, 09.0159, 09.0160, 09.0154, 09.0155, 09.0156, 09.0157 agus 09.0158.";

(2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina gceanglaítear doiciméid bhreise, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Más gá, féadfaidh údaráis chustaim ceanglas breise a chur ar an dearbhóir nó ar an allmhaireoir tionscnamh na n-earraí a chruthú i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nó leis na forálacha ábhartha den socrú trádála lena mbaineann.";

(3) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"Airteagal 13

Taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0141, 09.0165, 09.0166, 09.0167, 09.0168 agus 09.0169";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh gá le deimhniú tionscnaimh a chur ar fáil i ndáil le hallmhairiúcháin laistigh de na taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0141, 09.0165, 09.0166, 09.0167, 09.0168 agus 09.0169.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

"Airteagal 17

Bainistíocht na dtaraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0161, 09.0162, 09.0163 agus 09.0164

Úsáidfear taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0161 agus 09.0163 chun iarratas a dhéanamh ar chód AC ex 0202 20 30; úsáidfear taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0162 agus 09.0164 chun iarratas a dhéanamh ar chóid AC ex 0202 30 10, ex 0202 30 50, ex 0202 30 90 agus ex 0206 29 91.";

(5) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"Airteagal 18

'Sainmhínithe ar na taraif-chuótaí faoi uimhreacha 09.0161, 09.0162, 09.0163 agus 09.0164";

(b) i mír 1, scriostar an uimhir ordaithe "09.0144";

(c) i mír 2, scriostar an uimhir ordaithe "09.0145";

(6) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"Airteagal 19

'Forálacha sonracha le haghaidh na dtaraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0161, 09.0162, 09.0163 agus 09.0164";

(b) i mír 3, scriostar na focail "09.0144 agus 09.0145 agus cuótaí fo-tharaife faoi uimhreacha ordaithe";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

"Airteagal 29

Taraif-chuótaí faoi uimhreacha ordaithe 09.0159 agus 09.0160

Úsáidfear taraif-chuóta 09.0159 chun iarratas a dhéanamh ar chód AC 0405 10; úsáidfear taraif-chuóta 09.0160 chun iarratas a dhéanamh ar chód AC 0405 90.";

(8) leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/991 le héifeacht ón 1 Eanáir 2022.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 amhail ón gcéad tréimhse iarratais ar cheadúnas tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Mar sin féin:

(a) beidh feidhm ag pointí (2)(d) agus (3)(e) d'Iarscríbhinn I ó thús na dtréimhsí leanúnacha taraif-chuótaí;

(b) Beidh feidhm ag pointe (4), pointe (5)(b) agus pointe (6) d'Airteagal 1 agus ag pointe (1), pointe (3)(f) agus pointe (12) d'Iarscríbhinn I ón 1 Eanáir 2022.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ó thús na dtréimhsí leanúnacha taraif-chuótaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, VI, VII, VIII, IX, X, XI, XII agus Iarscríbhinn XIV.2 RICE a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear na rónna seo a leanas isteach faoin ró a bhaineann le taraif-chuóta 09.4168:

"09.4729	Rís	Allmhairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl
09.4730	Rís	Allmhairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl
09.4731	Rís	Allmhairiú	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl";

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sa tábla ina dtagraítear don taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4125 ag gabháil leis:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, Cheanada ná na Ríochta Aontaithe'";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sna táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4131 agus 09.4133 ag gabháil leo:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe'";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sna táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4120, 09.4121 agus 09.4122 ag gabháil leo:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe'. Sonrófar i Roinn 24 den iarratas ar cheadúnas ceann de na hiontrálacha a liostaítear in Iarscríbhinn XIV.1 a ghabhann leis an Rialachán seo";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht" sna táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4123 agus 09.4125 ag gabháil leo:

"**Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Níl";

(3) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sa tábla ina dtagraítear don taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4119 ag gabháil leis:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hIndia, na Pacastáine, na Téalainne, na Stát Aontaithe ná na Ríochta Aontaithe'";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sa tábla ina dtagraítear don taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4130 ag gabháil leis:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAstráile, na Téalainne, na Stát Aontaithe ná na Ríochta Aontaithe'";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sna táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4138, 09.4148, 09.4166 agus 09.4168 ag gabháil leo:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe'";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas" sa tábla ina dtagraítear don taraif-chuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.4154 ag gabháil leis:

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na hAstráile, na Guáine, na Téalainne, na Stát Aontaithe ná na Ríochta Aontaithe'";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht" sna táblaí ina dtagraítear do na taraif-chuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.4112, 09.4116, 09.4117, 09.4118, 09.4119, 09.4130 agus 09.4154 ag gabháil leo:

"**Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht**	Níl";

(f) cuirtear na táblaí seo a leanas isteach:

"**Uimhir ordaithe**	**09.4729**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	**Cinneadh (AE) 2020/753ón gComhairle** an 30 Márta 2020 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam a thabhairt i gcrích (IO L 186, 12.6.2020, lch. 1).
Tréimhse tharaif-chuóta	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuóta	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta An 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh An 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair An 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig

Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7, 8 agus 29 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Rís scilligthe [arna sloinneadh i gcoibhéis ríse scilligthe]
Tionscnamh	Vítneam
Cruthúnas tionscnaimh ar an iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint	Níl
Cruthúnas tionscnaimh lena scaoileadh i saorchúrsaíocht	Tá. Déanfar cruthúnas tionscnaimh mar a shainítear le hAirteagal 15(2) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam a chur in iúl lena scaoileadh i saorchúrsaíocht.
